



ÚBE/GL/2022/01

An 13 Eanáir 2022

Treoirlínte

maidir le Feabhas a chur ar Inréiteacht
d'Institiúidí agus d'Údaráis Réitigh

1. Comhlíonadh agus oibleagáidí tuairiscithe

Stádas na dtreoirlínte seo

1. Cuimsítear sa doiciméad seo treoirlínte a eisíodh de bhun Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010¹. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údaráis inniúla agus d'institiúidí airgeadais gach iarracht a dhéanamh na treoirlínte a chomhlíonadh.
2. Sna treoirlínte leagtar amach tuairim an ÚBE maidir le cleachtais mhaoirseachta iomchuí laistigh den Chóras Eorpach um Maoirseacht Airgeadais nó maidir leis an gcaoi ar cheart dlí an Aontais a chur i bhfeidhm i réimse ar leith. Ba cheart d'údaráis inniúla, mar a shainmhínítear iad in Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, lena mbaineann treoirlínte, comhlíonadh trí na treoirlínte a ionchorprú ina gcleachtais mar is cuí (e.g. trína gcreat dlíthiúil nó a bpróisis mhaoirseachta a leasú), lena n-áirítear cásanna ina bhfuil na treoirlínte dírithe go príomha ar institiúidí.

Ceanglais tuairiscithe

3. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údaráis inniúla fógra a thabhairt don ÚBE maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil na treoirlínte seo á gcomhlíonadh acu, nó cibé an bhfuil nó nach bhfuil sé ar intinn acu iad a chomhlíonadh, nó cúiseanna a sholáthar le neamhchomhlíonadh ar shlí eile, faoi 08.06.2022. In éagmais aon fhógra faoin spriocdháta seo, measfaidh an ÚBE go bhfuil údaráis inniúla neamhchomhlíontach. Ba chóir fógraí a sheoladh tríd an bhfoirm atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an ÚBE a sheoladh ar aghaidh agus an tagairt 'ÚBE/GL/2022/01' a scríobh ar an bhfoirm. Ba cheart go mbeadh fógraí á gcur isteach ag daoine a bhfuil údarás cuí acu comhlíonadh a thuairisciú thar ceann a n-údarás inniúil. Ní mór aon athrú ar an stádas comhlíonta a thuairisciú don ÚBE chomh maith.
4. Foilseofar fógraí ar shuíomh gréasáin an ÚBE, de réir Airteagal 16(3).

¹ Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010, lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

2. Ábhar, raon feidhme agus sainmhíthe

Ábhar

5. Sonraítear sna treoirlínte sin na gníomhaíochtaí a bhaineann go sonrach leis an uirlis réitigh ar cheart d'institiúidí agus d'údarais réitigh a dhéanamh chun feabhas a chur ar inríteacht institiúidí, grúpaí agus grúpaí réitigh i gcomhthéacs an mheasúnaithe inríteachta arna dhéanamh ag údarais réitigh de réir Airteagal 15 agus Airteagal 16 de Threoir (AE) 2014/59².

Raon feidhme

6. Níl feidhm ag na treoirlínte sin maidir le hinstiúidí atá faoi réir oibleagáidí simplithe maidir le haghaidh pleanáil réitigh i gcomhréir le hAirteagal 4 de Threoir 2014/59/AE.
7. Níl feidhm ag na treoirlínte sin maidir le hinstiúidí a bhforáiltear ina bplean réitigh go bhfoirceannfar iad ar bhealach ordúil i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme. I gcás ina dtarlaíonn athrú straitéise, go háirithe ó leachtú go dtí réiteach, ba cheart feidhm iomlán a bheith ag na treoirlínte chomh tapa agus is féidir agus tráth nach déanaí ná trí bliana ón dáta ar formheasadh an plean réitigh lena n-áirítear an straitéis réitigh nua.
8. Féadfaidh na húdarais réitigh cinneadh a dhéanamh na treoirlínte sin a chur i bhfeidhm go hiomlán nó go páirteach maidir leis na hinstiúidí atá faoi réir oibleagáidí simplithe maidir le pleanáil réitigh nó maidir le hinstiúidí a bhforáiltear ina bplean réitigh go bhfuil siad le foirceannadh ar bhealach ordúil i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme. Féadfaidh na húdarais réitigh a chinneadh codanna de na treoirlínte sin a bhaineann go sonrach le huirlisí réitigh (e.g. tarrtháil inmheánach) a chur i bhfeidhm in institiúidí nach bhfuil a straitéis réitigh beartaithe ag brath ar na huirlisí sin.
9. I gcás institiúidí nach cuid de ghrúpa iad atá faoi réir maoirseachta comhdhlúite de bhun Airteagal 111 agus Airteagal 112 de Threoir 2013/36/AE³, tá feidhm ag na treoirlínte sin ar an leibhéal aonair.

² Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014, lena mbunaítear creat do théarnamh agus do réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle, agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 173, 12.6.2014, lch. 190).

³ Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an 26 Meitheamh 2013, maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338).



10. I gcás institiúidí ar cuid de ghrúpa iad atá faoi réir maoirseachta comhdhlúite de bhun Airteagal 111 agus Airteagal 112 de Threoir 2013/36/AE, tá feidhm ag na treoirlínte sin ar leibhéal na n-eintiteas réitigh agus a bhfochuideachtaí araon ('leibhéal an ghrúpa réitigh').

Seolaithe

11. Tá na treoirlínte sin dírithe ar institiúidí airgeadais mar a shainmhínítear iad in Airteagal 4 (1) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ar institiúidí iad atá faoi réir measúnú inréiteachta i gcomhréir le hAirteagal 15 agus Airteagal 16 de Threoir (AE) 2014/59 agus ar údaráis inniúla mar a shainmhínítear iad i bpointe (i), pointe (v) agus pointe (viii) d'Airteagal 4 (2) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 a dhéanann maoirseacht ar na hinstiúidí sin de réir bhrí Airteagal 2 (5), an dara fomhír, den Rialachán sin.

Sainmhínithe

12. Mura sonraítear a mhalairt, tá an bhrí chéanna sna treoirlínte ag téarmaí a úsáidtear agus a shainmhínítear i dTreoir 2014/59/AE.

3. Cur chun feidhme

An dáta iarratais

13. Beidh feidhm leis na treoirlínte ón **1 Eanáir 2024**.

4. Treoirlínte maidir le Feabhas a chur ar Inréiteacht

4.1 Íoscheanglais a bhaineann le struchtúr agus oibríochtaí de réir Airteagal 27 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1075 ón gCoimisiún

4.1.1 Leanúnachas oibríochtúil

13. Ba cheart go mbeadh socruithe oibríochtúla ag institiúidí chun leanúnachas na seirbhísí a thacaíonn le feidhmeanna criticiúla (arna n-ainmniú mar 'seirbhísí criticiúla') a áirithiú, mar



aon leis na croílíní gnó is gá chun an straitéis réitigh agus aon athstruchtúrú ina dhiaidh sin (a ainmnítear mar ‘seirbhísí riachtanacha’) a chur i gcrích go héifeachtach – mar aon leis na seirbhísí criticiúla, ‘seirbhísí ábhartha’ – agus rochtain ar na sócmhainní oibríochtúla agus ar an bhfoireann is gá ar theacht i réiteach dóibh agus chun atheagrú gnó a éascú.

14. Nuair a bhreithnítear na céimeanna éagsúla leantacha den mheasúnú inréiteachta i gcomhréir le hAirteagal 23 de Rialachán Tarmlichte (AE) 2016/1075 ón gCoimisiún, nuair a bhíonn an straitéis réitigh á leagan amach, ba cheart don údarás réitigh, ar dtús, an struchtúr, an tsamhail ghnó agus na samhlacha seirbhíse éagsúla arna n-úsáid ag institiúid nó grúpa ar leith agus an chaoi a n-idirghníomhaíonn siad a chur san áireamh. Mar chéad chéim eile, agus gan dochar dá neamhspleáchas i ndáil leis an tsamhail seachadta seirbhíse⁴ is fearr a oireann dá ngnó a roghnú, ba cheart d’institiúidí a léiriú, i gcomhréir leis an straitéis réitigh atá sainaitheanta cheana, go dtacaíonn a samhail seachadta seirbhíse leis an straitéis réitigh.

Mapáil chroílíní gnó agus feidhmeanna criticiúla

15. Ba cheart d’institiúidí seirbhísí ábhartha, sócmhainní oibríochtúla agus foireann a shainaitheant agus iad a mhapáil ar fheidhmeanna criticiúla, croílíní gnó agus eintitis dhlíthiúla (atá ag soláthar agus ag fáil na seirbhísí). Ba cheart an fhaisnéis a iarrtar i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1624 ón gCoimisiún ar a laghad a áireamh sa chleachtadh mapála⁵.

16. Ba cheart go mbeadh an mhapáil dá dtagraítear thuas leabaithe i bpróisis ghnó rialta, go mbeadh an mhapáil cuimsitheach agus á tabhairt cothrom le dáta go rialta.

Forálacha conarthacha

17. Ba cheart d’institiúidí a áirithiú nach n-athróidh téarmaí na gcomhaontuithe ar leibhéal seirbhíse maidir le soláthar seirbhíse agus praghsáil go díreach mar thoradh ar pháirtí sa chonradh (nó cleamhnaí de chuid páirtí) a réiteach. Ciallaíonn sé seo gur cheart na rioscaí a bhaineann le conarthaí tríú páirtí arna rialú ag dlíthe tríú tír a chur san áireamh freisin lena áirithiú nach gcuireann siad bac ar inréiteacht institiúidí. Go sonrath, ba cheart d’institiúidí a áirithiú a fhad is a leantar le hoibleagáidí substainteacha a chomhlíonadh, go n-áiritheoidh conarthaí ábhartha le haghaidh seirbhísí a sholáthraíonn soláthraithe inghrúpa agus tríú páirtí an méid seo a leanas:

- a. gan foirceannadh, fionraí ná modhnú a dhéanamh ar fhórais an réitigh (lena n-áirítear atheagrú gnó faoi Airteagal 51 de Threoir 2014/59/AE);

⁴ Amhail: (i) seirbhísí á soláthar ag rannán laistigh d’eintiteas dlíthiúil rialáithe; (ii) seirbhísí á soláthar ag cuideachta seirbhíse inghrúpa; nó (iii) seirbhísí á soláthar ag soláthraí seirbhíse tríú páirtí.

⁵ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1624 ón gCoimisiún an 23 Deireadh Fómhair 2018 lena leagtar síos caighdeán theicniúla cur chun feidhme maidir le nósanna imeachta agus foirmeacha agus teimpléid chaighdeánacha chun faisnéis a sholáthar chun críocha pleananna réitigh le haghaidh institiúidí creidmheasa agus gnólaictaí infheistíochta de bhun Threoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1066 ón gCoimisiún (IO L 277, 7.11.2018, lch. 1).



- b. inaistritheacht an tsoláthair seirbhíse chuig faighteoir nua, inaistritheacht a bhfuil an faighteoir seirbhíse nó údarás réitigh freagrach aisti mar gheall ar réiteach (lena n-áirítear atheagrú faoi Airteagal 51 de Threoir 2014/59/AE);
- c. an tacaíocht a thugtar d'aistriú nó d'fhoirceannadh i rith réitigh (lena n-áirítear atheagrú faoi Airteagal 51 de Threoir 2014/59/AE) le haghaidh tréimhse réasúnta (amhail 24 mhí) ón soláthraí seirbhíse reatha agus faoi na téarmaí agus coinníollacha céanna; agus
- d. leanúint leis an tseirbhís a sholáthar d'eintiteas grúpa atá dífheistithe i rith réitigh (lena n-áirítear atheagrú faoi Airteagal 51 de Threoir 2014/59/AE), ar feadh tréimhse réasúnta ama i ndiaidh dífheistithe – amhail 24 mí.

18. Ba cheart d'institiúidí a áirithiú gur féidir leis na seirbhísí ábhartha leanúint ar aghaidh le linn chur chun feidhme na straitéise réitigh, lena n-áirítear an plean atheagrúcháin gnó.

19. I gcás, in ainneoin tréaniarracht a dhéanamh, nach mbeidh institiúidí in ann 'athléimneacht réitigh' a bhaint amach, trí théarmaí conartha lena n-áiríteofar na coinníollacha a liostaítear i mír 17, ba cheart dóibh údar leordhóthanach a sholáthar don údarás réitigh ábhartha maidir leis an gcúis nárbh fhéidir na conarthaí a leasú agus straitéisí malartacha a d'fhéadfadh a bheith ann a chur chun cinn, amhail aistriú chuig soláthraithe a cheadóidh téarmaí atá seasmhach ó thaobh réitigh de a chur san áireamh.

20. Sa chás nach bhfuil an institiúid in ann bearta malartacha inchreidte a chur i bhfeidhm, le haghaidh conarthaí seachfhoinsithe tríú tír, ba cheart don institiúid na conarthaí a réamh-mhaoiniú ar feadh tréimhse atá leordhóthanach don straitéis réitigh agus ar feadh tréimhse nach lú ná sé mhí, ba cheart an leachtacht a imfhálú agus a bhunú ar shócmhainní ardcháilíochta.

Córais faisnéise bainistíochta (MIS) i gcomhthéacs leanúnachas oibríochtúil

21. Ba cheart d'institiúidí a bheith in ann tuairisciú do na húdaráis réitigh maidir le seirbhísí ábhartha atá á soláthar nó á bhfáil, le faisnéis atá cothrom le dáta agus ar fáil i gcónaí. Chuige sin, ba cheart go mbeadh MIS agus bunachair sonraí cuimsitheacha, inchuardaithe agus cothrom le dáta ag institiúidí (dá ngairtear 'catalóg seirbhíse' i dteannta a chéile) ina mbeadh an fhaisnéis is gá chun na huirlisí atá beartaithe sa scéim réitigh a chur chun feidhme go rathúil, lena n-áirítear faisnéis maidir le húnireacht sócmhainní agus bonneagair, praghsáil, cearta conarthacha agus comhaontuithe, chomh maith le socrúithe seachfhoinsithe.

22. Ba cheart d'institiúidí na socrúithe conarthacha ábhartha le haghaidh seirbhísí ábhartha a fuarthas ó eintitis tríú páirtí agus inghrúpa araon⁶ a dhoiciméadú agus paraiméadair shoiléire a bheith bunaithe acu chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht an tsoláthair seirbhíse ábhartha i gcomparáid leis na comhaontuithe ar leibhéal seirbhíse, cur chuige a áirithíonn go

⁶ Cuimsítear sna seirbhísí ábhartha a fhaightear ó eintitis inghrúpa: i) seirbhísí a sholáthraíonn aonaid/rannáin laistigh den ghrúpeintiteas dlíthiúil céanna (in-eintiteas), ii) seirbhísí atá á soláthar ag grúpeintiteas dlíthiúil eile.



bhfuil rochtain ag údaráis réitigh ar an bhfaisnéis ar fad a theastaíonn chun cinntí iomchuí a dhéanamh agus chun cumhachtaí réitigh a chur i bhfeidhm. Ba cheart go n-áireofaí anseo mionsonraí na soláthraithe seirbhíse agus na bhfaighteoirí ábhartha, an cineál seirbhíse, a struchtúr praghsála (nó meastachán ar an gcostas a bhaineann le seirbhísí inmheánacha), paraiméadair shoiléire (cáilíochtúil/cainníochtúil), sprioc feidhmíochta (nó a combhionann le haghaidh seirbhísí inmheánacha), aon soláthar ar aghaidh chuig eintitis eile nó fochonraitheoireacht le soláthraithe tríú páirtí, ceadúnais ghaolmhara agus oibleagáidí substainteacha faoin gconradh (amhail íocaíocht/seachadadh). Nuair atá an contrapháirtí lonnaithe lasmuigh den AE, ba cheart don bhanc an imthoisc sin a mheas nuair a bhíonn measúnú á dhéanamh aige ar na rioscaí atá donn do leanúchas oibríochtúil i gcás réitigh. Go háirithe, sa chás seo ba cheart don bhanc measúnú a dhéanamh ar an bhfeidhm éifeachtach atá ag dlí Bhallstát an AE maidir leis an gconradh. I gcás ina rachfar i muinín seirbhísí ábhartha in-eintitis, ba cheart go n-éascódh na doiciméid sin seirbhísí a shainaithint agus comhaontuithe seirbhísí idirthréimhseacha a bhunú, más gá é seo a dhéanamh faoin straitéis réitigh roghnaithe.

23. Ba cheart go mbeadh faisnéis ghráinneach maidir leis na nithe seo a leanas le fáil sa chatalóg seirbhíse:

- a. mapáil seirbhísí na hinstiúide mar a thuairiscítear i mír 15 agus i mír 16, lena n-áirítear tuairisc ar an gcineál seirbhísí;
- b. seirbhísí ábhartha, mar thoradh ar an anailís ar (i) ábharthacht an tionchair a bhíonn ag cur isteach ar na seirbhísí, agus (ii) a n-ionadaitheacht;
- c. na costais nó an praghas (nuair is ábhartha) a bhaineann le soláthar na seirbhísí (féach freisin mír 31 agus mír 32);
- d. an nasc leis na socruithe conarthacha lena rialaítear na seirbhísí ábhartha agus na hacmhainní tacaíochta (amhail sócmhainní oibríochtúla). I gcás ina dtagann roinnt conarthaí faoi scáth máistir-chomhaontaithe, a chlúdaíonn an fhaisnéis a cheanglaítear faoi mhír 23, ní fhéadfaidh instiúidí ach an máistirchonradh a áireamh sa chatalóg seirbhíse agus sa stór conarthaí, ar choinníoll gur féidir leo na conarthaí uile a dhéanfar faoi gach máistirchonradh a shainaithint agus nach gcuireann na húdaráis réitigh ábhartha ina choinne.

24. Ba cheart go mbeadh an chatalóg seirbhíse inchuadaithe – ba cheart go mbeifí in ann an fhaisnéis a aisghabháil go héasca de réir critéir ábhartha chun críocha réitigh – agus ba cheart go mbeifí in ann tuarascálacha mionsonraithe maidir leis na gnéithe éagsúla a chur i dtoll a chéile.

25. Ba cheart go mbeadh stór conarthaí cuimsitheach agus inchuadaithe ag instiúidí, a fhreastalaíonn ar na seirbhísí ábhartha go léir – i bhfoirm foinsithe agus seachfhoinsithe araon.



Ba cheart an stór a nuashonrú go rialta agus ba cheart go mbeadh sé inrochtana ar bhonn tráthúil.⁷

26. Ba cheart d’institiúidí na cumais sin a léiriú don údarás réitigh mar chuid de na cleachtaí.

Acmhainní airgeadais chun leanúnachas oibríochtúil a áirithiú

27. Ba cheart d’institiúidí faireachán a dhéanamh ar na hacmhainní airgeadais atá ar fáil le haghaidh soláthraithe inghrúpa seirbhísí ábhartha agus chun íocaíocht soláthraithe seirbhíse tríú páirtí a áirithiú. Ba cheart go mbeadh acmhainní airgeadais leordhóthanach chun leanúnachas oibríochtúil na bhfeidhmeanna criticiúla agus na gcoirínte gnó a éascú sa réiteach, lena gcumhdaítear na céimeanna cobhsaíochta agus athstruchtúraithe.

28. Ba cheart d’institiúidí a áirithiú go mbeidh na soláthraithe seirbhíse ábhartha athléimneach ó thaobh cúrsaí airgeadais de i gcás réitigh. Sa chás go bhfuil seirbhísí ábhartha á soláthar ag eintiteas inghrúpa neamhrialaithe, ba cheart d’fhaighteoir na seirbhíse a áirithiú go mbeidh acmhainní leachtacha leordhóthanacha ag an soláthraí arna leithscaradh ó shócmhainní grúpa eile arb ionann iad ar a laghad agus 50% de na forchostais sheasta bhliantúla, ar cheart iad a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 1 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/488 ón gCoimisiún.⁸ Sa chás go bhfuil seirbhísí ábhartha á soláthar ag eintiteas seachtrach, ba cheart d’institiúidí dícheall cuí leordhóthanach a dhéanamh chun athléimneacht airgeadais an tsoláthraí tríú páirtí a mheasúnú.⁹

Struchtúr praghsála

29. Ba cheart d’institiúidí a áirithiú gur cheart go mbeadh struchtúir chostais agus phraghsála le haghaidh seirbhísí ábhartha intuartha, trédhearcach agus socraithe ar neamhthuilleamaí. Más iomchuí, ba cheart naisc shoiléire a bhunú idir costas díreach bunaidh na seirbhíse agus an costas na seirbhíse a leithdháiltear. Dá bhrí sin, ba cheart d’institiúidí a bheith in ann an bealach a bhfuil costas na seirbhísí ábhartha leithdháilte go himmheánach. Is é is cuspóir leis sin cinnteacht ex ante a sholáthar maidir leis na costais ag a leanfar le seirbhísí a sholáthar i réiteach agus cinnteoireacht a éascú le linn chéim an athstruchtúraithe.

30. Ba cheart d’institiúidí a áirithiú nár cheart aon athrú a dhéanamh ar an gcostas ná ar an struchtúr praghsála le haghaidh seirbhísí ach amháin mar thoradh ar fhaighteoir seirbhíse a bheith ag dul i mbun réitigh. Tacaíonn an socrú seo le himmharthanacht airgeadais soláthraí seirbhíse inghrúpa ar bhonn neamhspleách nó áirithíonn an socrú seo go bhféadfadh na doiciméid a bheith mar bhonn le Conradh seachtrach má dhéantar athstruchtúráil ar eintiteas atá ag soláthar seirbhíse criticiúla i réiteach.

⁷ Tá na réimsí sonracha atá le soláthar sa stór conarthaí ar fáil in iarscríbhinn 3.

⁸ Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/488 ón gCoimisiún an 4 Mheán Fómhair 2014 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 241/2014 maidir le ceanglais cistí dílse do ghnólaicthe bunaithe ar fhorchostais sheasta (IO L 78, 24.3.2015, Ich. 1).

⁹ Féach, mar shampla, an cur chuige atá sonraithe i Roinn 12.3 de Threoirínte ÚBE maidir le socrúithe seachfhoinisithe (ÚBE/GL/2019/02).



Socruithe teagmhasacha do phríomhchomhaltaí foirne agus fios gnó

31. Ba cheart d'institiúidí a áirithiú gur cheart do sheirbhísí ábhartha a bheith athléimneach ó thaobh na hoibríochta de agus go bhfuil cumas leordhóthanach acu, ó thaobh acmhainní daonna agus saineolais, chun tacú le réiteach agus le hathstruchtúráil iar-réitigh araon. Maidir le soláthraithe seirbhíse atá ábhartha do thríú páirtí, ba cheart iad a bheith faoi réir dícheall cuí i gcomhréir le Roinn 12.3 de Threoirlínte ÚBE maidir le seachfhoinsí¹⁰.
32. Maidir leis an gcaoi ar féidir le soláthraithe seirbhísí ábhartha inmheánacha (inghrúpa agus in-eintiteas) an mhír roimhe seo a chomhlíonadh, ba cheart pleananna doiciméadaithe a bheith i bhfeidhm ag institiúidí chun cuidiú lena áirithiú go mbeidh dóthain comhaltaí foirne ar fáil le haghaidh ról ábhartha i gcás réitigh, lena n-áirítear: pleananna coinneála ina sonraítear na bearta is féidir a dhéanamh sa tréimhse roimh an réiteach agus i rith réitigh chun éirí as comhaltaí foirne a bhfuil ról ábhartha acu a mhaolú; pleananna comharbais lena n-áirítear go mbeidh comhaltaí foirne malartacha a bhfuil scileanna agus eolas leordhóthanach acu ar fáil chun ról ábhartha a d'fhéadfadh a fhágáil folamh i rith réitigh a líonadh; agus socruithe chun déileáil leis na rioscaí a bhaineann le comhaltaí foirne a bhfuil feidhmeanna á gcur i gcrích acu i níos mó ná grúpeintiteas amháin, más ábhartha.

Rochtain ar shócmhainní oibríochtúla

33. Ba cheart d'institiúidí a áirithiú nach gcuirfeadh teip nó réiteach aon ghrúpeintitis ar leith isteach ar shócmhainní oibríochtúla a bheith á rochtain ag soláthraithe seirbhíse comhroinnte, eintitis seirbhísithe, aonaid ghnó agus údaráis ábhartha.
34. Chun na críche sin, ba cheart d'institiúidí socruithe a bhunú lena áirithiú go mbeidh rochtain leanúnach ar shócmhainní oibríochtúla ábhartha i gcás ina ndéantar aon ghrúpeintiteas dlíthiúil a réiteach nó a atheagrú trí bhíthin conarthaí léasaithe nó ceadúnaithe atá seasmhach i gcás réitigh. Sa chás nach féidir é sin a áirithiú go leordhóthanach, féadfaidh institiúidí socrú a dhéanamh ionas go mbeidh na sócmhainní sin faoi úinéireacht nó léasaithe ag an gcuideachta inghrúpa nó eintiteas rialáilte a sholáthraíonn na seirbhísí criticiúla comhroinnte. Thairis sin, d'fhéadfaí breithniú a dhéanamh ar fhorálacha conarthacha chun ceartha rochtana a áirithiú.

Rialachas maidir le leanúnachas oibríochtúil

35. Ba cheart go mbeadh struchtúir rialachais leordhóthanacha bunaithe ag institiúidí chun comhlíonadh na mbeartas inmheánach is infheidhme maidir le comhaontuithe ar leibhéal seirbhíse a bhainistiú agus a áirithiú. Go háirithe, maidir le seirbhísí ábhartha, gan beann ar an bpointe go bhfuil siad á soláthar ag inghrúpa nó ag tríú páirtithe, ba cheart go mbeadh línte tuairiscithe atá sainithe go soiléir bunaithe ag institiúidí chun faireachán tráthúil a dhéanamh ar a gcomhlíonadh le comhaontuithe ar leibhéal seirbhíse agus ba cheart go mbeidís in ann freagairt go hiomchuí.

¹⁰ ÚBE/GL/2019/02.



36. Ba cheart d'institiúidí a áirithiú go gcuirfear san áireamh i socruithe pleanála leanúnachais gnó agus i socruithe teagmhasacha do sholáthraithe seirbhísí ábhartha coinníollacha a bhaineann le réiteach agus go mbeidh siad iomchuí chun a áirithiú go leanfar de sheirbhísí a sholáthar le linn réitigh, gan gá a bheith le brath ar fhoireann ó línte gnó nach mbeidh mar chuid den institiúid/grúpa céanna a thuilleadh mar thoradh ar réiteach.

37. Ba cheart go mbeadh próiseas cinnteoireachta tapa agus éifeachtúil i bhfeidhm ag institiúidí ina gcuimsítear gnéithe a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar leanúnachas oibríochtúil, lena n-áirítear, ach níl teoranta do, na heilimintí seo a leanas:

- a. Pleananna leanúnachais gnó agus/nó socruithe teagmhasacha a ghníomhachtú i gcás réitigh agus i rith aon atheagrú ina dhiaidh sin;
- b. Cearta rochtana a leithdháileadh ar chomhaltaí foirne chúltaca agus ar bhainisteoir speisialta ionchasach faoi Airteagal 35 de Threoir 2014/59/AE;
- c. Rochtain soláthraithe seirbhíse ábhartha ar réamh-mhaoiniú féideartha;
- d. Gnéithe leanúnachais oibríochtúil a chur in iúl don údarás agus laistigh den ghrúpa chun tacú le haon athstruchtúrú agus leis na saineolaithe a bheidh freagrach as an bplean atheagrúcháin gnó a fhorbairt.

4.1.2 Rochtain ar bhonneagar an mhargaidh airgeadais (FMIInna)

38. Ba cheart go mbeadh socruithe i bhfeidhm ag institiúidí chun rochtain leanúnach ar imréiteach, íocaíocht, socrú, coimeád agus seirbhísí eile arna soláthar ag FMIInna¹¹ agus ag idirghabhálaithe FMI¹² a áirithiú d'fhonn suaitheadh a sheachaint roimh agus i rith réitigh, agus cabhrú le cobhsaíocht agus muinín sa mhargadh a athbhunú tar éis réitigh.

Sainaithint chaidreamh FMI

39. Ba cheart d'institiúidí gach caidreamh atá acu le FMIInna agus le hidirghabhálaithe FMI a shainaithint. Ba cheart na príomhchórais agus an pearsanra a theastaíonn chun rochtain ar sheirbhísí FMI a choimeád a shainaithint freisin, agus ba cheart socruithe a bhunú chun a áirithiú go mbeidh siad ar fáil i gcónaí nó gur féidir iad a ionadú go hinchreidte le linn géarchéime.

40. Ba cheart go mbeadh tuiscint shoiléir ag institiúidí ar riachtanais bhallaíochta soláthraithe seirbhíse FMI sainaitheanta agus ar na coinníollacha maidir le rochtain leanúnach ar sheirbhísí FMI atá criticiúil agus riachtanach, roimh agus i rith réitigh. Chun na críche sin, ba cheart dóibh na hoibleagáidí is gá dóibh a chomhlíonadh de réir leabhar rialacha agus conarthaí le soláthraithe seirbhíse FMI a shainaithint, agus a fhíorú an mbeadh feidhm ag na hoibleagáidí

¹¹ Tá Bonneagar Margaidh Airgeadais, nó 'FMIInna' le tuiscint i gcomhréir le sainmhíniú CPMI-IOSCO agus áirítear ina measc, dá bhrí sin, an méid seo a leanas ar a laghad: córais íocaíochta, taisclanna lárnacha urrús (idirnáisiúnta), córais socraíochta urrús, contrapháirithe lárnacha, stórtha trádála. (<https://www.bis.org/cpmi/publ/d101a.pdf>)

¹² | gcomhréir le hlarscríbhinn BRRD, Roinn C (7).



maidir le heintiteas a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar réiteach (institiúid idirlinne nó faighteoir), agus cad iad na hoibleagáidí a bheadh i bhfeidhm i ndáil leis an eintiteas sin. Ar aon dul leis sin, ba cheart dóibh na hoibleagáidí substainteacha faoina gconarthaí le soláthraithe seirbhíse eile a shainathint, a bhfuil a gcuid seirbhísí riachtanach chun seirbhísí FMIInna a úsáid.

41. Ba cheart d'institiúidí a bheith ar an eolas faoi conas cumarsáid a dhéanamh le gach soláthraí seirbhíse FMI tráth brú airgeadais agus a áirithiú go bhfuil siad in ann aon fhaisnéis bhreise a sholáthar a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil chun rochtain a éascú.
42. Ba cheart d'institiúidí breithniú a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí, amhail ceanglais éarlaise mhéadaithe nó laghdaithe ar línte creidmheasa gan íoc, ar dócha a ghlacadh FMIInna agus idirghabhálaithe FMI leo, chomh maith leis na himthosca ina bhféadfaí glacadh leo agus an amlíne a bheadh i gceist (amhail ionlae nó laistigh de chúpla lá), agus an méid a bheadh i gceist. Ina theannta sin, ba cheart d'institiúidí ceanglais a shainathint chun méideanna breise a sholáthar le haghaidh cistí mainneachtana nó ráthaíochta, chun gealltanais leachtachta bhreise a fháil, nó chun cuid de na hoibleagáidí íocaíochta agus socraíochta nó chun na hoibleagáidí sin ar fad a réamh-mhaoiniú i gcás brú airgeadais agus i gcás réitigh. Ba cheart meastachán réasúnta ar na ceanglais leachtachta a d'fhéadfadh a bheith i ndán dóibh faoi chásanna struis éagsúla a chur ar fáil don údarás réitigh, mar aon le sonraí gráinneacha ábhartha maidir le línte creidmheasa agus a n-úsáid agus buaic stairiúil na leachtachta nó na comhthaobhachta (ionlae) thar thréimhse ama ar leith.
43. Ba cheart d'institiúidí measúnú a dhéanamh ar thionchar na ngníomhaíochtaí dóchúla a sainathníodh (ceanglais mhéadaithe, rochtain dhíghrádaithe, ar fionraí nó foirceannta ar FMI) ar fheidhmeanna criticiúla agus ar chroílínthe gnó.

Caidreamh FMI a mhapáil agus a mheasúnú

44. Ba cheart d'institiúidí an caidreamh le soláthraithe seirbhíse¹³ FMI a mhapáil ag féachaint do na nithe seo a leanas: (a) feidhmeanna criticiúla; (b) seirbhísí ábhartha; (c) croílínthe gnó; (d) eintitis dhlíthiúla; agus (e) údaráis mhaoirseachta, réitigh nó aon údaráis inniúla eile don soláthraí seirbhíse FMI, i gcomhréir ar a laghad le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1624 ón gCoimisiún.
45. Ba cheart d'institiúidí measúnú a dhéanamh ar inchreidteacht na socruithe le soláthraithe malartacha, más rud é go bhféadfadh cur isteach féideartha ar an gcaidreamh conarthach le soláthraithe seirbhíse FMI ábhartha bac ábhartha a chur ar fhorfheidhmiú na straitéise réitigh tosaíochta. Nuair nach bhfuil socruithe malartacha inmharthana, ba cheart d'institiúidí breithniú a dhéanamh ar bhearta malartacha chun an riosca go gcuirfí isteach ar leanúnachas rochtana a mhaolú.

¹³ Mar mhalairt air sin, breithnítear go bhfuil soláthraithe seirbhíse FMI criticiúil nuair a mheastar go bhfuil gá leo chun feidhm chriticiúil a sholáthar agus go bhfuil siad riachtanach nuair is gá chun croílíne ghnó a chomhlíonadh. Is soláthraithe seirbhíse ábhartha FMI iad soláthraithe seirbhíse FMI atá criticiúil agus riachtanach.



46. Ba cheart d'institiúidí fardal a choinneáil de na gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh soláthraithe seirbhísí criticiúla FMI a ghlacadh chun rochtain a fhoirceannadh, a chur ar fionraí nó a theorannú, nó aon ghníomhaíochtaí eile a d'fhéadfadh tionchar diúltach a imirt ar rochtain na hinstitiúide ar sheirbhís FMI, mura gcomhlíonfaí a riachtanais bhallraíochta, agus dá n-iarmhairtí don institiúid.

Úsáid FMIInna agus Idirghabhálaithe FMI

47. Ba cheart d'institiúidí taifead a choimeád de shonraí idirbhirt maidir lena seasamh ábhartha ag soláthraithe seirbhíse ábhartha FMI agus a úsáid, ar sonraí iad atá le soláthar don údarás réitigh ábhartha roimh réiteach agus a bheith in ann sonraí agus faisnéis níos mionsonraithe a chur ar fáil don údarás réitigh arna iarraidh sin. Ba cheart athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar na taifid sin aon uair a thagann athrú ábhartha ar na méideanna arna bpróiseáil ag soláthraithe seirbhíse FMI nó ar sheasamh.

Pleanáil theagmhasach

48. Ba cheart d'institiúidí plean teagmhasach a fhorbairt agus a thabhairt cothrom le dáta ina ndéanfar cur síos ar an gcaoi a dhéanfar rochtain a sholáthar do sholáthraithe seirbhíse ábhartha FMI nuair a bhíonn brú i gceist, roimh, i rith agus i ndiaidh réitigh.

49. Ba cheart d'institiúidí a áirithiú go n-áirítear sna pleananna teagmhasacha raon iomlán gníomhaíochtaí sochreidte a d'fhéadfadh gach soláthraí seirbhíse ábhartha FMI a dhéanamh roimh agus i rith réitigh, agus gníomhaíochtaí maolaitheacha féideartha na n-institiúidí. Chomh maith leis sin, ba cheart dóibh cur síos a dhéanamh ar aon cheanglais a d'fhéadfadh a bheith ag baint le comhthaobhacht, leachtacht nó faisnéis a bhfuiltear ag súil leo agus an tslí a mbeadh sé beartaithe ag an institiúid iad a chomhlíonadh.

50. Go sonrach, ba cheart d'institiúidí a áirithiú go leagtar amach na nithe seo a leanas, i measc nithe eile nach iad, sna pleananna teagmhasacha:

- a. na gníomhaíochtaí a mbeifí ag súil a bheadh á gcur i gcrích ag soláthraithe seirbhísí FMI sa tréimhse roimh agus i rith réitigh;
- b. an bonneagar, na próisis agus na socrúithe oibríochtúla atá curtha i bhfeidhm ag an institiúid chun a áirithiú go leanfar de na hoibleagáidí substainteacha atá san áireamh i gconarthaí agus i leabhair rialacha FMI a chomhlíonadh, d'fhonn rochtain ar sheirbhísí ábhartha FMI a chothabháil;
- c. na gníomhaíochtaí a dhéanfaidh an institiúid chun bagairtí ar fheidhmíocht a feidhmeanna criticiúla agus a chroílínite gnó a mhaolú a bhaineann le rochtain scortha nó dhíghrádaithe, amhail bainistiú gníomhach neamhchosaintí, réamh-mhaoiniú oibleagáidí nó socrúithe malartacha inchreidte ex ante, agus toradh dóchúil na ngníomhaíochtaí sin (éifeacht ar fheidhmeanna criticiúla, croílínite gnó agus cliaint);



- d. an mhodheolaíocht atá mar bhonn leis an meastachán ar na ceanglais leachtachta faoi bhrú, lena n-áirítear aon toimhdí a bhaineann le méid measta na gníomhaíochta gnó;
- e. an straitéis cumarsáide.

Iniomparthacht custaiméirí

51. Ba cheart d’institiúidí na ceanglais maidir le hiniomparthacht custaiméirí a shainithint agus an fhaisnéis ghaolmhar a sholáthar maidir le CCPanna, de réir an CCP agus na coda ina bhfuil siad ag feidhmiú mar chomhalta imréitigh, i gcomhréir le próisis agus nósanna imeachta ábhartha FMIanna. Cuimsítear anseo faisnéis faoin gcóras leithscartha agus faoin gcineál cuntas cliant, agus faoin líon cliant faoi struchtúir chuntais éagsúla.

52. Ba cheart go mbeadh acmhainní agus córais institiúidí in ann faisnéis cothrom le dáta a choimeád a d’fhéadfaí a chur ar fáil go tapa i gcás réitigh chun aistriú rianúil seasamh cliant ag CCPanna a áirithiú chomh maith le sócmhainní cliant i dtaisclanna lárnacha urrús (CSDanna). Ba cheart go gcuimseofaí ina leithéid sin d’fhaisnéis liosta de na nithe seo a leanas:

- a. cliant le haghaidh gach cuntas omnibus agus an seasamh, na corrlaigh agus na sócmhainní a fhaightear mar chomhthaobhacht le haghaidh gach cliant aonair laistigh den chuntas omnibus;
- b. seasamh, corrlaigh agus sócmhainní cliant a fhaightear mar chomhthaobhacht le haghaidh gach cliant aonair; agus
- c. sócmhainní cliant aonair i seilbh CSD.

Malartú faisnéise agus cumarsáid idir na húdaráis

53. Ba cheart d’údaráis réitigh úsáideoirí seirbhísí FMI iarracht a dhéanamh údaráis ábhartha gach soláthraí seirbhíse ábhartha FMI a shainithint agus dul i dteagmháil leo chun an tionchar a bhíonn ag réiteach ar FMIanna laistigh dá sainchúram a phlé.

54. Ba cheart go ndéanadh údaráis réitigh iarracht socruithe iomchuí um chomhroinnt faisnéise a bhunú (faoi réir an dlí is infheidhme maidir le comhroinnt faisnéise agus rúndacht) ar socruithe iad lena gcuimseofar freisin rabhaidh luathriosca, idir údaráis réitigh agus údaráis mhairseachta úsáideoirí seirbhísí FMI agus údaráis ábhartha na soláthraithe seirbhísí ábhartha FMI.

4.1.3 Rialachas i bpleanáil réitigh

55. Ba cheart do chomhlacht bainistíochta na n-institiúidí a áirithiú go gcomhlíonfaidh an institiúid na treoirlínte sin chun críocha pleanála réitigh, agus ba cheart stiúrthóir feidhmiúcháin de réir



bhrí Airteagal 91 de Threoir 2013/36 a ainmniú mar stiúrthóir feidhmiúcháin i gceannas ar phleanáil réitigh na hinstitiúide.

56. Ba cheart go mbeadh an stiúrthóir feidhmiúcháin dá dtagraítear sa mhír roimhe seo, a bheith i gceannas ar an méid seo a leanas, ar a laghad:

- a. a áirithiú go gcuirfear an fhaisnéis is gá chun plean réitigh na hinstitiúide a ullmhú, go beacht agus go tráthúil;
- b. a áirithiú go bhfuil an institiúid i gcomhréir leis na ceanglais maidir le pleanáil réitigh, agus go leanfaidh sí de na ceanglais sin a chomhlíonadh;
- c. a áirithiú go ndéanfar pleanáil réitigh a chomhtháthú i bpróisis rialachais fhoriomlána na hinstitiúide;
- d. coistí atá ann cheana a leasú nó coistí nua a bhunú chun tacú le gníomhaíochtaí réitigh, más gá;
- e. na príomhtháirgí insoláthartha a shíniú agus socruithe tarmligin leordhóthanacha a áirithiú ina leith sin, mar chuid de shásraí iomchuí rialaithe inmheánaigh agus dearbhaithe (amhail na teimpléid tuairiscithe réitigh);
- f. an t-eolas is déanaí a roinnt le comhaltaí eile den chomhlacht bainistíochta agus den chomhlacht maoirseachta go rialta maidir le staid na ngníomhaíochtaí pleanála réitigh agus maidir le hinréiteacht na hinstitiúide, a dhéantar a dhoiciméadú trí bhíthin miontuairiscí;
- g. buiséadú leordhóthanach gníomhaíochtaí réitigh agus soláthar foirne le haghaidh gníomhaíochtaí réitigh a áirithiú. Go háirithe, ach gan a bheith teoranta don mhéid sin, i gcás grúpeintitis a bhfuil a cheanncheathrú i dtríú tír: áirithiú an stiúrthóir feidhmiúcháin sin go bhfostófar comhaltaí foirne a bhfuil eolas acu ar imthosca áitiúla agus go mbeidh foireann pleanála réitigh thiomnaithe rannpháirteach go gníomhach sna gníomhaíochtaí pleanála réitigh grúpa foriomlána agus go gcabhraíonn an fhoireann sin lena bhforbairt, agus go mbeifear in ann tacaíocht éifeachtach a sholáthar i gcás réitigh grúpa; agus
- h. an feidhmeannas ag leibhéal sinsearach arna cheapadh ag na hinstitiúidí i gcomhréir le mír 57 a shaináithint.

57. Ba cheart d'institiúidí feidhmeannas ag leibhéal sinsearach le taithí a cheapadh a bheidh freagrach as cur chun feidhme, bainistiú agus comhordú an chláir oibre pleanála/inréiteachta réitigh (inmheánach).

58. Ba cheart don fheidhmeannas ag leibhéal sinsearach an méid seo a leanas a dhéanamh:



- a. gníomhaíochtaí réitigh a chomhordú agus a bhainistiú, lena n-áirítear ceardlanna a ullmhú, ceistneoirí a thabhairt chun críche agus iarrataí eile ó údaráis réitigh a chur i gcrích;
- b. feidhmiú, in éineacht lena fhoireann, mar phríomhphointe teagmhála don údarás/do na húdaráis réitigh chun cur chuige comhordaithe a áirithiú maidir le pleanáil réitigh agus mar phríomhphointe teagmhála le haghaidh chur chun feidhme na straitéise réitigh sa ghrúpa trí chéile;
- c. cumarsáid atá comhsheasmhach agus dea-eagraithe leis na húdaráis réitigh a áirithiú;
- d. oibríochtú na straitéise réitigh a chomhordú (na céimeanna ábhartha maidir le cur chun feidhme na straitéise a ullmhú agus a thástáil i gcomhthéacs pleanáil réitigh) agus páirt a ghlacadh i gcleachtaí a bhfuil sé mar aidhm leo ullmhacht oibríochtúil na hinstiúide a thástáil agus a mheas; agus
- e. más gá, sruthanna oibre tiomnaithe a bhunú chun déileáil le hábhair a bhaineann le réiteach.

59. Ba cheart go n-áirítheodh próisis agus socruithe rialachais go bhfuil pleanáil réitigh comhtháthaithe i gcreat bainistíochta foriomlán na n-institiúidí agus go bhfuiltear ag tacú le hullmhú agus le cur chun feidhme na straitéise réitigh.

60. Ba cheart d'institiúidí an méid seo a leanas a dhéanamh:

- a. a áirithiú go mbeidh dóthain comhaltaí foirne ag gníomhaíochtaí réitigh chun a áirithiú gur féidir cinntí i gcomhthéacs réitigh a dhéanamh ar bhealach tráthúil i gcomhthéacs an réitigh roimh, i rith agus i ndiaidh teagmhas réitigh;
- b. línte soiléire freagrachta a bhunú, lena n-áirítear línte tuairiscithe agus nósanna imeachta géaraithe, a bhaineann le comhaltaí boird agus próisis formheasa, le haghaidh pleanáil réitigh agus bainistiú géarchéime araon (amhail cur chun feidhme an chinnidh nó na cumarsáide réitigh le grúpaí geallsealbhóirí ábhartha), a ndéantar iad go léir a dhoiciméadú i mbeartais thiomnaithe agus i ndoiciméid nós imeachta (lena n-áirítear prótacail oibríochtúla);
- c. a áirithiú go gcuirfear idirnaisc a bhaineann le réiteach, a bhfuil tionchar acu ar inréiteacht, san áireamh i gcinntí straitéiseacha (amhail gníomhaíochtaí M&A, athstruchtúrú eintitis dhlíthiúil, athruithe ar an tsamhail áirithinte, úsáid ráthaíochtaí inghrúpa nó athruithe ar an timpeallacht TF);
- d. údaráis réitigh a chur ar an eolas gan moill mhíchuí faoi athruithe ábhartha atá beartaithe ar ghnéithe amhail an tsamhail ghnó, an struchtúr, an leagan amach oibríochtúil (lena n-áirítear athruithe ar an mbonneagar TF) agus an rialachas a



mbíonn tionchar acu ar ghníomhaíochtaí pleanála réitigh nó ar chur chun feidhme na straitéise réitigh tosaíochta agus inréiteacht;

- e. sreabhadh faisnéise maidir le cúrsaí réitigh a áirithiú idir an bord bainistíochta, an feidhmeannas freagrach ag leibhéal sinsearach agus gach comhalta foirne ábhartha eile, rud a chuirfidh ar a gcumas a ról faoi seach a chur i gcrích roimh, i rith agus i ndiaidh an teagmhais réitigh;
- f. a áirithiú go mbeidh a struchtúr rialachais féin agus línte tuairiscithe atá sainithe go soiléir ag soláthraithe seirbhíse inghrúpa, nach mbeidh siad ag brath an iomarca ar chomhaltaí foirne sinsearacha atá fostaithe ag grúpeintitis eile, go mbeidh socruithe teagmhasacha bunaithe acu lena áirithiú go leanfar le sheirbhísí ábhartha a sholáthar le linn réitigh agus go ndéanfar soláthar seirbhísí ábhartha laistigh den ghrúpa a struchtúru chun cóir fhabhrach a sheachaint i gcás cliseadh nó réiteach aon ghrúpeintitis; agus
- g. i gcás grúpa a bhfuil a cheanncheathrú i dtríú tír, a áirithiú go bhfuil dóthain comhaltaí foirne ag an eintiteas agus go bhfuil bonn eolais mhaith ag an bhfoireann bhainistíochta faoin straitéis réitigh grúpa, lena n-áirítear próisis/nósanna imeachta cinnteoireachta i rith géarchéime, agus go bhfuiltear in ann cothromaíocht a bhaint amach idir cinnteoireacht an ghrúpa a bhfuil a cheanncheathrú i dtríú tír i ngnóthas leantach, trí inréiteacht eintiteas áitiúil a chur san áireamh.

61. Ba cheart d'institiúidí próiseas dearbhaithe cáilíochta a bhunú chun iomláine agus cruinneas na faisnéise a chuirtear ar fáil d'údaráis réitigh chun críocha pleanála réitigh a áirithiú. Ba cheart d'fheidhm iniúchta inmheánaigh athbhreithniú rialta a dhéanamh ar fhaisnéis agus ar phleananna a bhaineann le réiteach arna mbunú ag an institiúid.

62. Ba cheart d'institiúidí an méid seo a leanas a dhéanamh:

- a. socruithe a bhunú chun iomláine agus cruinneas na sonraí a áirithiú;
- b. a áirithiú go ndéanann feidhm iniúchta inmheánaigh athbhreithniú rialta ar fhaisnéis a bhaineann le réiteach (is cuid den phlean iniúchta bhliantúil iad ghníomhaíochtaí pleanála réitigh);
- c. a áirithiú go ndéanfaidh an coiste iniúcháireachta faireachán ar éifeachtacht rialú cáilíochta inmheánach na hinstitiúide, agus go bhfaighidh sé agus go gcuirfidh sé na tuarascálacha iniúchta san áireamh; agus
- d. a áirithiú go ndéanfaidh an coiste iniúcháireachta nó comhlacht eile athbhreithniú tréimhsiúil ar na socruithe sin.



4.2 Íoscheanglais a bhaineann le hacmhainní airgeadais de réir Airteagal 28 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1075 ón gCoimisiún

4.2.1 Maoiniú agus leachtacht i réiteach

Anailís leachtachta

63. Ba cheart d’institiúidí na heintitis agus na hairgeadraí a mheasann siad a bheith ábhartha¹⁴ ar fhorais leachtachta, agus suíomhanna féideartha riosca leachtachta laistigh den ghrúpa a shainaitheint. Nuair a bhíonn eintitis ábhartha á sainaitheint ag institiúidí, ba cheart dóibh aon eintitis dhlíthiúla ábhartha mar a shainmhínítear iad in Airteagal 2(4) de Rialachán Tarmligthe 2018/1624 ón gCoimisiún a chur san áireamh, ach ba cheart dóibh machnamh a dhéanamh freisin ar aon ról criticiúil a bhí aige i soláthar maoinithe amhail rochtain ar shaoráidí an bhainc ceannais.
64. Ba cheart d’institiúidí a léiriú go bhfuil ar a gcumas a staid leachtachta a thomhas agus a thuairisciú ar gearrfhógra agus ba cheart go mbeadh sé ar chumas institiúidí anailís leachtachta a dhéanamh ar sheasamh reatha ar leibhéal na n-eintiteas ábhartha agus an ghrúpa le haghaidh airgeadraí ábhartha, de réir mhír 2 d’Airteagal 415 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Ba cheart dóibh a bheith in ann a dhearbhu freisin nach bhfuil riachtanais leachtachta gach eintiteas neamhábhartha, agus na hoibleagáidí a eascraíonn as gach airgeadra neamhábhartha, ina riosca do sheasamh leachtachta na hinstiúidí atá á réiteach.
65. Ba cheart d’institiúidí na tiománaithe leachtachta a shainaitheint roimh réiteach agus i rith réitigh. Nuair a bhíonn tiománaithe á sainaitheint, ba cheart d’institiúidí cineálacha éagsúla géarchéimeanna a bhreithniú.
66. Ba cheart d’institiúidí a áirithiú go ndéantar an anailís leachtachta, a luaitear i mír 68, a nuashonrú de réir mar is gá bunaithe ar leibhéal na n-eintiteas ábhartha, agus ba cheart d’institiúidí an fhaisnéis sin a sholáthar ar bhonn tráthúil do na húdaráis réitigh, agus é mar aidhm acu cur síos a dhéanamh ar fhoinsí leachtachta a d’fhéadfadh a bheith ann chun tacú le réiteach, de réir Threoir 2014/59/AE, larscríbhinn Roinn B (20).
67. Ba cheart d’institiúidí an mhéadracht a luaitear i mír 68 a thuairisciú ar leibhéal an ghrúpa réitigh, le haghaidh gach eintiteas dlíthiúil ábhartha¹⁵ agus, más iomchuí, le haghaidh brainsí sonracha laistigh den ghrúpa réitigh, i bhfoirm chomhiomlán, ar bhonn aonair agus bunaithe ar airgeadra ábhartha. Thairis sin, ba cheart d’institiúidí na toimhdí a bhfuil siad ag brath orthu chun éabhlóid luach leachtachta na hacmhainne frithchothromaithe a thuar a mhionsonrú.

¹⁴ Chun na gcríoch sin, meastar gurb iad na hairgeadraí ábhartha na hairgeadraí sin a gceanglaítear tuarascálacha ar leithligh a thabhairt ina leith i gcomhréir le mír 2 d’Airteagal 415 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, Ich. 1).

¹⁵ Sainaitheanta i gcomhréir le mír 66.



68. Ba cheart d’institiúidí aithris a dhéanamh ar shreafaí airgid, le haghaidh míreanna laistigh agus lasmuigh den chlár comhardaithe, agus ar an acmhainn frithchothromaithe faoi chásanna réitigh éagsúla:

- a. i gcás an ghrúpa réitigh, i gcás gach eintitis dhlíthiúil ábhartha agus, más iomchuí, i gcás brainsí sonracha laistigh de theorainn an ghrúpa réitigh ar bhonn aonair;
- b. ag leibhéal comhiomlánaithe san airgeadra tuairiscithe agus ag leibhéal gach airgeadra ábhartha, lena n-áirítear na hairgeadraí go léir atá ábhartha do rannpháirtíocht na n-institiúidí in FMIInna;
- c. thar níos mó tréimhsí ama, thar oíche agus thréimhse ama leordhóthanach tar éis réitigh (sé mhí, cuir i gcás).

69. Nuair a bhíonn meastachán á dhéanamh ar an leachtacht agus ar an maoiniú a theastaíonn chun an straitéis réitigh a chur chun feidhme, mar a luaitear i mír 68, ba cheart d’institiúidí aird ar leith a thabhairt ar na nithe seo a leanas:

- a. bacainní dlíthiúla, rialála agus oibríochtúla ar inaistritheacht leachtachta, go háirithe inghrúpa;
- b. oibleagáidí a bhaineann le gníomhaíochtaí íocaíochta, imréitigh agus socraíochta, lena n-áirítear athruithe ar éileamh ar leachtacht agus foinsí riachtanacha chun na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh, chomh maith le héifeachtaí leachtachta féideartha gníomhaíochtaí díobhálacha arna ndéanamh ag FMIInna nó ag idirghabhálaithe FMI;
- c. ceanglais chontrapháirtí agus chomhthaobhachta, lena n-áirítear iad siúd a eascraíonn as ballraíocht CCP agus FMI, amhail ceanglais mhéadaithe éarlaise tosaigh nó athrúcháin le haghaidh ionstraimí airgeadais le linn réitigh agus ina dhiaidh;
- d. fionraí conarthach, foirceannadh agus cearta glanluachála/fritháirimh a d’fhéadfadh a bheith i dteideal a fheidhmiú tráth réitigh na hinstiúide;
- e. sreafaí leachtachta idir an grúpa réitigh agus eintitis ghrúpa lasmuigh de theorainn an ghrúpa réitigh agus an gá anailís a dhéanamh ar na heintitis sin ar neamhthuilleamaí agus measúnú a dhéanamh ar a stóinseacht dhlíthiúil i gcás réitigh;
- f. bacainní dlíthiúla agus oibríochtúla ar gheallúint thráthúil comhthaobhachta atá ar fáil;
- g. riachtanais leachtachta ionlae íosta agus ‘buaice’, costais oibríochtúla agus riachtanais caipiteal oibre; agus



- h. saoráidí leachtachta atá ar fáil don bhanc ceannais, agus na téarmaí agus na coinníollacha gaolmhara a bhaineann le rochtain agus aisíocaíocht.

Leas a bhaint as sócmhainní agus acmhainní príobháideacha eile

70. Ba cheart go mbeadh sé ar chumas institiúidí:

- a. na sócmhainní uile a d'fhéadfadh cáiliú mar chomhthaobhacht atá incháilithe chun tacú le maoiniú i gcás réitigh a shainaithint;
- b. idirdhealú a dhéanamh idir sócmhainní fiachbháite agus neamh-fhiachbháite, agus breithniú a dhéanamh maidir le cearta dlíthiúla ar chomhthaobhacht atá curtha i ngeall agus nach bhfuil curtha i ngeall;
- c. faireachán a dhéanamh ar chomhthaobhacht atá ar fáil agus ar chomhthaobhacht neamh-fhiachbháite ag leibhéal an ghrúpa réitigh agus gach eintiteas nó brainse dlíthiúil ábhartha laistigh de theorainn an ghrúpa réitigh ar bhonn aonair, i gcás gach airgeadra ábhartha; agus
- d. faisnéis a thuairisciú maidir leis an gcomhthaobhacht atá ar fáil ag leibhéal gráinneach (lena n-áirítear maidir le hincháilitheacht an bhainc cheannais, airgeadra, cineálacha sócmhainní, suíomh, cáilíocht chreidmheasa), fiú i gcomhthéacs dálaí atá ag athrú go tapa.

71. Ba cheart d'institiúidí úsáid comhthaobhachta a oibríochtú, na céimeanna oibríochtúla uile is gá a fhorbairt agus a dhoiciméadú, lena n-áirítear na próisis ama agus rialachais, chun comhthaobhacht a úsáid a d'fhéadfadh a bheith lonnaithe i bhfochuideachtaí agus/nó i mbrainsí atá ag feidhmiú in airgeadraí difriúla. Ba cheart measúnú a dhéanamh ar úsáid na comhthaobhachta atá ar fáil agus ba cheart a héifeachtacht agus a stóinseacht oibríochtúil a mheas agus a thástáil go rialta (in aghaidh na bliana ar a laghad), ionas go gcuimsítear, mar shampla, an cumas sócmhainní áirithe a dhíol, a aisghabháil nó a fháil ar iasacht. Ba cheart d'institiúidí aird ar leith a thabhairt ar bhacainní ar ghluaiseacht cistí agus ar bhacainní dlíthiúla i ndlínsí eachtracha. Chun na críche sin, ba cheart go mbeadh sé de chumas ag institiúidí méid na sócmhainní atá inaistrithe go neamhshrianta ar fud an ghrúpa a ríomh agus a thuairisciú, agus cuntas a dhéanamh freisin ar an ngá atá le ceanglais rialála áitiúla a chomhlíonadh agus riachtanais leachtachta oibríochtúla a chomhlíonadh.

Rochtain ar ghnáthshaoráidí an bhainc ceannais

72. Ba cheart d'institiúidí breithniú a dhéanamh ar an ngá atá le agus ar an gcumas atá acu luach airgid a lua le comhthaobhacht le tríú páirtithe, lena n-áirítear aon ghá nó aon chumas féideartha leachtacht a iarraidh ó ghnáthshaoráidí an bhainc cheannais.

73. Ba cheart d'institiúidí a áirithiú go mbreithneofar freisin na coinníollacha le haghaidh rochtain a bheith ag eintitis dhlíthiúla ábhartha institiúide i réiteach ar shaoráidí gnáthbhainc ceannais,



lena n-áirítear íoschoinníollacha nach mór iad a chomhlíonadh, ceanglais chomhthaobhachta, tréimhse, nó téarmaí eile.

74. Ba cheart go mbeadh institiúidí in ann faisnéis a chur ar fáil maidir le méid na sócmhainní, agus suíomh na sócmhainní sin laistigh den ghrúpa, a mbeifí ag súil go gcáileoidís mar chomhthaobhacht do shaoráidí an bhainc cheannais, de réir Airteagal 29(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1075 ón gCoimisiún.

Comhar trasteorann

75. I gcás réiteach grúpa trasteorann, ba cheart d'údaráis réitigh ag leibhéal an ghrúpa agus d'údaráis réitigh fochuideachtaí oibriú i gcomhar lena chéile chun tacú le cur chun feidhme comhsheasmhach agus éifeachtach pleananna maoinithe réitigh ar fud an ghrúpa agus go háitiúil.

4.3 Íoscheanglais a bhaineann le córais faisnéise de réir Airteagal 29 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1075 ón gCoimisiún

4.3.1 Tástáil córas faisnéise

76. Tugtar isteach leis na treoirlínte sin roinnt coinníollacha ionas go mbeidh institiúidí in ann faisnéis ábhartha a chur ar fáil go tráthúil d'údaráis réitigh. Is amhlaidh atá go háirithe i gcás leanúnachas oibríochtúil agus maoiniú oibríochtúil agus leachtacht i gcás réitigh. Ba cheart d'institiúidí cleachtaí a eagrú lena léiriú go bhfuil na cumais atá luaite i roinn 4.1.1, roinn 4.2.1 agus roinn 4.3.2 acu. Ós rud é go bhfuil na hacmhainní á bhforbairt, ba cheart na cleachtaí a dhéanamh ar bhonn rialta go dtí go mbeidh an t-údarás réitigh sásta agus go gcinneann sé an mhinicíocht a laghdú.

4.3.2 Córais faisnéise le haghaidh luachála

77. Ba cheart go mbeadh sé de chumas ag institiúidí (lena n-áirítear MIS agus bonneagar teicneolaíochta) tacú le soláthar tráthúil sonraí luachála ag leibhéal leordhóthanach gráinneachta ionas gur féidir luachálacha a dhéanamh laistigh de thréimhse ama oiriúnach. Tá na cumais sin leagtha amach i gcaibidil MIS de lámhleabhar luachála ÚBE¹⁶.

¹⁶ <https://www.eba.europa.eu/eba-highlights-importance-data-and-information-preparedness-perform-valuation-resolution>



4.4 Íoscheanglais a bhaineann le saincheisteanna trasteorann de réir Airteagal 30 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1075 ón gCoimisiún

4.4.1 Aitheantas conarthach a thabhairt do chumhachtaí tarrthála inmheánaí agus réitigh

78. Ba cheart go mbeadh institiúidí in ann liosta conarthaí arna dtabhairt i gcrích faoi dhlí tríú tír a chur ar fáil. Ba cheart a shainaithint sa liosta sin an contrapháirtí, na hoibleagáidí atá ar na hinstitiúidí agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an conradh á dhíolmhú ón aitheantas conarthach nó an bhfuil sé dodhéanta¹⁷ é a dhéanamh nó cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na téarmaí aitheantais chonarthaigh maidir le cumhachtaí tarrthála inmheánaigh agus cumhachtaí fanachta curtha san áireamh aige, i gcomhréir le hAirteagal 55 agus Airteagal 71a, faoi seach, de Threoir 2014/59/AE.

79. Nuair a bhíonn faireachán á dhéanamh ag institiúidí ar chomhlíonadh Airteagal 71.7 de Threoir 2014/59/AE, ba cheart do na húdaráis réitigh breithniú a dhéanamh ar na modhanna is iomchuí, agus an cúlra dlí náisiúnta á chur san áireamh:

- a. Litreacha a sheoladh chuig na hinstitiúidí lena mbaineann;
- b. Meabhrán ciorclach a fhoilsiú / a dháileadh ar institiúidí;
- c. An t-ionchas nach mór do na hinstitiúidí an ceanglas a chomhlíonadh a fhoilsiú;
- d. Cinntí / orduithe riaracháin a eisiúint;
- e. Rialacháin / achtanna nua (áitiúla) a eisiúint.

80. Ba cheart d'institiúidí féinmheasúnuithe a dhéanamh agus a dhearbhu an bhfuil siad in ann na sonraí riachtanacha a sholáthar san fhormáid chuí agus de réir na hamlíne cuí.

81. Ba cheart do na húdaráis réitigh tuilleadh seiceáil a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcoinníollacha dá dtagraítear i mír 78 agus i mír 80 trí na modhanna seo a leanas a úsáid de réir mar is iomchuí:

- a. A iarraidh go seachadfar na sonraí i bhformáid réamhshocraithe ag eatraimh ama áirithe. Is féidir tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh air seo trí iarraidh ad hoc chun cumas na hinstitiúide na sonraí riachtanacha a chur ar fáil laistigh de thréimhse ghearr ama a thástáil;

¹⁷ A mhéid is féidir



- b. A iarraidh go ndéanfaidh institiúidí anailís bhearna ar an bhfaisnéis a bailíodh agus atá ar fáil ina gcórais i gcomparáid leis na tacair íosta faisnéise dá bhforáiltear i Rialachán tarmligthe (AE) 2016/1712 ón gCoimisiún¹⁸;
- c. Feidhm iniúchta inmheánaigh na hinstitiúide a ainmniú chun comhlíonadh a sheiceáil. Bunaithe ar an athbhreithniú iniúchta sin, seoltar ráiteas ar aghaidh chuig an údarás réitigh mar aon le toradh an phróisis athbhreithnithe;
- d. Cleachtaí a eagrú.

Oibleagáidí na n-údarás sna coláistí réitigh

82. Chun faireachán éifeachtach a dhéanamh ar inríteacht sna coláistí, ba cheart do na húdaráis réitigh, ag gach cruinniú bliantúil, nuashonrú a sholáthar maidir leis an dul chun cinn atá déanta i ngach dlínse le linn an timhrialla pleanála réitigh is déanaí, agus amlíne na gceanglas cur chun feidhme a leagtar amach sna treoirlínte sin a sholáthar. Tá teimpléad le fáil in iarscríbhinn 2 de na treoirlínte seo chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn.

4.5 Cur chun feidhme réitigh

83. Ba cheart d'institiúidí, i gcomhar le húdaráis réitigh, cur síos a dhéanamh ar gach gné oibríochtúil den straitéis réitigh, agus ar na bearta oibríochtúla uile is gá chuige sin, mar a leagtar amach sa roinn seo de na treoirlínte i bprótacail oibríochtúla (lena n-áirítear freagrachtaí, nósanna imeachta géaraithe, dearbhú cáilíochta agus gach rialachán ábhartha) agus ba cheart dóibh meastóireacht agus tástáil rialta a dhéanamh go rialta ar na gnéithe sin trí chleachtaí. Sna prótacail oibríochtúla sin, ba cheart d'institiúidí na cásanna iomchuí a chur san áireamh freisin agus cur síos a dhéanamh ar na rialacháin inmheánacha ábhartha uile.

84. Ós rud é go bhfuil gnéithe oibríochtúla na straitéise réitigh nasctha den chuid is mó leis an uirlis/na huirlisí atá le húsáid, agus go ndéantar trácht ar ionchais éagsúla a leagtar amach sna caibidlí seo a leanas, ba cheart d'institiúidí cumais tástála agus oibríochta a léiriú mar a thuiriscítear thíos sna treoirlínte sin.

¹⁸ Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1712 ón gCoimisiún an 7 Meitheamh 2016 lena bhforlíontar Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, lena mbunaítear creat do théarnamh agus réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear tacar íosta den fhaisnéis faoi chonarthaí airgeadais ba cheart a bheith sna taifid mhionsonraithe agus na himthosca inar cheart an ceanglas a fhorchur (IO L 258, 24.9.2016, lch. 1).



4.5.1 Meicnic um malartú tarrthála inmheánaí

Forbairt gnéithe seachtracha na meicnice um malartú tarrthála inmheánaí

85. Ós rud é go bhfuil páirtithe éagsúla páirteach i bhforfheidhmiú seachtrach na tarrthála inmheánaí, ba cheart do na húdaráis réitigh dul i dteagmháil leis na páirtithe ábhartha uile, agus ar a laghad, le hinstiúidí, bonneagar margaidh agus údaráis ábhartha eile. Ba cheart d’instiúidí agus d’údaráis réitigh comhoibriú chun meicnic malartaithe inchreidte a dhearadh.

86. Ba cheart d’instiúidí, ar cheart dóibh tacú go gníomhach leis na húdaráis lena mbaineann, a áirithiú go bhfuil an mheicnic mhalartaithe sin infheidhme go hoibríochtúil maidir leo. Dá réir sin, ba cheart dóibh próiseas a leagan síos i bprótacal oibríochtúil lena gcuirtear chun feidhme an mheicnic mhalartaithe tarrthála inmheánaí atá i gcomhréir leis an gcreat rialála náisiúnta is infheidhme agus ba cheart aird a tharraingt ar an bpróiseas sin sna comhthéacsanna seo a leanas:

- a. aghaidh a thabhairt ar scor, cealú nó fionraí ó liostú nó trádáil úrrús;
- b. aghaidh a thabhairt an riosca a bhaineann le hidirbhearta neamhshocraithe¹⁹;
- c. déileáil le liostú nó athliostú, agus le hurrúis nua nó éilimh eile a chur san áireamh chun críche trádála;
- d. éascú cothromas a chur ar fáil do chreidiúnaithe a bhfuil tarrtháil inmheánach luaite leo;
- e. cuntais maidir le coigeartú féideartha a d’fhéadfadh a bheith ag teastáil ag céim níos déanaí a luaite a bheidh méid iomlán chailiteanais na hinstiúide ar eolas, mar shampla, bunaithe ar thoradh na luachála deiridh; agus
- f. ceadaítear cothromas iarmharach féideartha neamhéilite a éileamh tar éis na tréimhse malairte tosaigh. Ní fhéadfar scairshealbhóirí nua nó úinéirí nua an chothromais a shainnint láithreach agus teagmháil a dhéanamh leo le linn na chéad chéime d’fhorfheidhmiú na tarrthála inmheánaí. Dá bhrí sin, ba cheart go gcuirfeadh an mheicnic malartaithe tarrthála inmheánaí ar a gcumas a gcearta a éileamh níos déanaí.
- g. go gcomhlíonann siad a n-oibleagáidí maidir le nochtadh faoi Rialachán (AE) Uimh. 596/2014²⁰.

¹⁹ D’fhéadfadh réiteach tarlú sa chomhthéacs go bhfuil trádálacha úrrús tarlaithe ach nach bhfuil siad socraithe go fóill.

²⁰ Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le droch-úsáid margaidh (an rialachán maidir le droch-úsáid margaidh).



87. I gcás grúpaí trasteorann, ba cheart ról na n-údarás baile agus na n-údarás óstach sa phróiseas malartaithe tarrthála inmheánaí a chinneadh ar bhonn ex ante trí choláistí réitigh/grúpaí bainistithe géarchéime.

Forbairt gnéithe inmheánacha na meicnice malartaithe tarrthála inmheánaí

88. Ba cheart d'institiúidí gnéithe inmheánacha uile na tarrthála a bhreithniú i bprótacal oibríochtúil, san amlíne, sna próisis inmheánacha lena n-áirithítear aistriú na gcaillteanas chuig an t-eintiteas réitigh, na céimeanna aonair a bhaineann le díluacháil agus comhshó de réir an chineáil ionstraime a bhreithniú.

89. Ba cheart d'institiúidí conas a bheidh siad in ann an fhaisnéis is gá a chur in iúl chun críche luachála de réir roinn 4.3.2 de na treoirlínte seo agus don ordú tarrthála inmheánaí a shonrú i bprótacal oibríochtúil.

90. Ba cheart d'institiúidí a léiriú conas a bheadh siad in ann a gclár comhardaithe a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn na luachála sealadaí ar ghearrfhógra amhail le linn an deireadh seachtaine réitigh.

91. Nuair a bheidh na gnéithe inmheánacha a bhaineann le tarrtháil inmheánach á sonrú ag institiúidí, ba cheart dóibh na gnéithe seo a leanas ar a laghad a bhreithniú: baic dhlíthiúla, baic chuntasaíochta, tionchar cánach, gnéithe a bhaineann go sonrach le hionstraimí, SPVanna, fáluithe, ús fabhráithe, dliteanais atá i seilbh na hinstiúide féin, agus coigeartuithe ar thiomhdí.

4.5.2 Atheagrú gnó

92. Nuair a bheidh cinneadh maidir le gníomhaíocht réitigh déanta, is dócha go mbeidh sé riachtanach na bearta atheagrúcháin gnó is gá a chur chun feidhme d'fhonn inmhathanacht institiúide a athbhunú ar bhealach féidearthacht agus cuimsitheach. Chuimseofaí i measc na riachtanas sin riachtanais atheagrúcháin ghnó arb é is aidhm leo inmhathanacht an eintitis a athshlánú agus an tsamhail seachadta seirbhíse a atheagrú i gcás aistriú chuig faighteoir nó chuig institiúid idirlinne nó cuid den ghrúpa a scaradh, mar shampla, i gcás straitéis ilphointí iontrála (MPE).

Cumais atá mar bhonn le plean atheagrúcháin gnó a fhorbairt

93. Ba cheart go mbeadh próiseas rialachais bunaithe ag institiúidí le haghaidh an phlean atheagrúcháin gnó (BRP) i gcomhréir le hAirteagal 52 de Threoir 2014/59/AE agus le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1400²¹ ón gCoimisiún atá le glacadh i gcás inar gá. Ba cheart go n-áiritheodh an próiseas rialachais rannpháirtíocht oiriúnach gach réimse, aonad agus comhlacht gnó na hinstiúide go hiomchuí.

²¹ Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1400 ón gCoimisiún an 10 Bealtaine 2016 lena bhforlíontar Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeán theicniúla rialála lena sonraítear na gnéithe íosta de phlean atheagrúcháin gnó agus inneachar íosta na dtuarascálacha maidir leis an dul chun cinn i gcur chun feidhme an phlean (IO L 228, 23.8.2016, lch. 1).



94. Ba cheart d’institiúidí a léiriú go bhfuil tuiscint shoiléir acu ar an socrú comhordaithe a cuireadh i gcrích idir na húdaráis réitigh agus na húdaráis inniúla de réir Theideal III de Threoirlínte ÚBE maidir le pleananna atheagrúcháin gnó faoi Threoir 2014/59/AE²².
95. Ba cheart go mbeadh próiseas bunaithe ag institiúidí chun eolas maidir leis an bplean atheagrúcháin gnó a chur in iúl do na húdaráis réitigh agus inniúla, a chuirfidh ar chumas na n-údarás sin measúnú a dhéanamh go tapa ar a inmharthanacht i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1400 ón gCoimisiún. Ba cheart go sonrófaí sa phróiseas sin an chaoi a dtabharfaidh na hinstiúidí aghaidh go pras ar thuairimí agus ar cheisteanna maidir leis an bplean atheagrúcháin gnó a chuireann údaráis inniúla agus réitigh.
96. Ba cheart d’institiúidí a bheith in ann a léiriú conas a leasófaí an BRP tar éis do na húdaráis réitigh agus inniúla measúnú a dhéanamh air.

Roghanna féideartha atheagrúcháin gnó a shainaitheant agus pleananna a fhorbairt

97. Maidir le haon ghné de phlean atheagrúcháin gnó a bhfuiltear ag súil leis amach anseo, mar ghné thábhachtach d’fhorfheidhmiú na straitéise réitigh, lena n-áirítear aon eilimint maidir le deighilt oibríochtúil codanna den ghrúpa i gcás MPE nó i gcás uirlis deighilte sócmhainní a úsáid, nó ar dócha go dtarlóidh a leithéid (amhail roghanna téarnaimh nó foirceannadh sócmhainneach le haghaidh punanna casta), ba cheart an méid sin a léiriú trí thairbhe a bhaint as comhordú le húdaráis réitigh atá páirteach sa chéim pleanála réitigh cheana féin.
98. Ba cheart go hairithe breithniú a dhéanamh ar ghnéithe faoi Airteagal 2(1)c, Airteagal 2(2), chomh maith le tuairisc ardleibhéil ar na foinsí féideartha maoinithe a liostaítear in Airteagal 3(1)b de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1400 ón gCoimisiún.

Indeighilteacht chun tacú le réiteach agus le hatheagrú gnó

99. Sa chás ina bhfuil an straitéis réitigh nó roghanna atheagrúcháin gnó réamh-shainaitheanta de réir na roinne roimhe seo agus go bhfuil foráil á déanamh chun codanna áirithe d’institiúid nó de ghrúpa a dheighilt, ba cheart d’institiúidí a léiriú go bhfuil ar a gcumas sin a dhéanamh go tapa. Go hiondúil beidh sé seo i gceist i ndáil le cur chun feidhme éifeachtach straitéisí ilphointe iontrála (MPE) agus straitéisí ina bhforáiltear le haghaidh aistiú coda nó codanna den ghrúpa.
100. Más iomchuí, ba cheart go mbeadh sé de chumas ag institiúidí punanna sócmhainní a shainaitheant agus a dheighilt. Ba cheart dóibh a bheith in ann na sócmhainní agus na dliteanais sin a phéireáil go leordhóthanach agus aird ar leith a thabhairt ar shócmhainní nach féidir iad a dheighilt óna chéile, agus na haicmí socruithe á gcur san áireamh a chosnaítear le linn aistriú páirteach sócmhainní, ceart agus dliteanas institiúide faoi réiteach, i gcomhréir le hAirteagal

²² ÚBE/GL/2015/21.



76 de Threoir 2014/59/AE agus leis na sonraíochtaí breise dá bhforáiltear le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/867 ón gCoimisiún²³.

101. Ar mhaith lena léiriú go bhfuil grúpa réitigh indeighilte i gcomhthéacs straitéis MPE, ba cheart d'institiúidí, i gcomhar leis na húdaráis réitigh, a shonrú go soiléir cad é an spriocshamhail oibríochtúil, agus conas a bhainfear amach í laistigh de thréimhse ama réasúnach. Mar shampla, má fhoráiltear sa phlean athstruchtúraithe le haghaidh aistriú sheachadadh na seirbhísí ábhartha ó eintiteas de chuid an ghrúpa réitigh chuig soláthraí tríú páirtí nó chuig an eintiteas ar leithligh, ba cheart a léiriú go soiléir conas a bhainfear sin amach, agus cén t-amchlár a bheidh i gceist. Is amhlaidh atá i gcás seirbhísí ábhartha a ionfhoinsiú ag leibhéal an eintitis réitigh i gcás réitigh.

Ath-údarú agus ceaduithe

102. Ba cheart d'institiúidí, i gcomhar leis na húdaráis réitigh, na ceaduithe ábhartha maoirseachta agus rialála agus na húdaruithe a theastaíonn uathu chun an ghníomhaíocht réitigh a chur chun feidhme a shainiú agus, a mhéid is féidir, nósanna imeachta a bhunú d'fhonn a áirithiú go n-eiseofar ceaduithe agus údaruithe riachtanacha go tráthúil.

103. Go háirithe, (a) ba cheart go mbeadh ar chuideachtaí airgeadais nuabhunaithe iarratas a dhéanamh ar údarú chun gníomhaíochtaí rialáilte a chur i gcrích; (b) ba cheart go mbeadh ar bhainisteoirí agus stiúrthóirí nua ionchasacha ceaduithe cuí maoirseachta a fháil; c) i gcás straitéisí MPE, d'fhéadfadh go mbeadh sé riachtanach socruithe seachfhoinsithe a cheadú le hiar-eintitis an ghrúpa agus (d) féadfaidh aistriú rialaithe chuig scairshealbhóirí nua athrú ar cheanglais rialaithe a spreagadh (amhail ceadú rialála do shealúchais cháilitheacha).

104. Chun críocha ath-údaraithe agus ceadaithe den chineál sin, ba cheart do na húdaráis inniúla agus do na húdaráis réitigh nósanna imeachta soiléire a bhunú ionas go mbeidh an t-idirghníomhú agus an comhordú eatarthu rianúil agus na húdaráis mhaoirseachta airgeadais.

105. Ba cheart do na húdaráis réitigh, i gcomhar leis na húdaráis inniúla ábhartha, athbhreithniú a dhéanamh ar na bearta athstruchtúraithe atá molta ag institiúidí. I gcomhthéacs straitéis MPE, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar inmharthanacht na socruithe oibríochtúla a bheidh i bhfeidhm tar éis an réitigh.

4.5.3 Rialachas i bhforfheidhmiú réitigh

106. Ba cheart go mbeadh nósanna imeachta rialachais i bhfeidhm ag institiúidí chun tacú le cinnteoireacht thráthúil sa réiteach ar mhaithe le hullmhú éifeachtach agus cur chun feidhme tráthúil na straitéise réitigh i measc údarás réitigh, rud a chumasóidh faisnéis ábhartha agus maoirseacht éifeachtach a sholáthar freisin.

²³ Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/867 ón gCoimisiún an 7 Feabhra 2017 maidir le haicmí socruithe atá le cosaint in aistriú páirteach maoinne faoi Airteagal 76 de Threoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 131, 20.5.2017, lch. 15).



Bainistiú agus a rialú na hinstitiúide i rith réitigh

107. Ba cheart do na húdaráis réitigh na nithe seo a leanas a shoiléiriú i bpleananna réitigh (i) na freagrachtaí a bhaineann le bainistiú na hinstitiúide agus na cumhachtaí agus na cearta rialachais a d'fhéadfadh an t-údarás réitigh, riarthóir réitigh (bainisteoirí speisialta arna gceapadh faoi Airteagal 35 de Threoir 2014/59/AE) agus foireann bhainistíochta na hinstitiúide a úsáid i rith na tréimhse réitigh agus aon athstruchtúrú a dhéanfar ina dhiaidh sin a shoiléiriú; agus (ii) rialú na hinstitiúide.
108. I gcás institiúide aistrithe nó idirlinne, b'fhéidir go mbeadh ar údaráis réitigh comhaontuithe a bhunú chun príomhghníomhaíochtaí na hinstitiúide idirlinne oibríochtúil a stiúradh.
109. Ba cheart do na húdaráis réitigh breithniú a dhéanamh ar an gcreat maidir le rialú agus bainistiú i rith na tréimhse tarrthála inmheánaí a chur in iúl don mhargadh tráth an réitigh.

Foireann bhainistíochta a chur as oifig agus a cheapadh

110. Ba cheart do na húdaráis réitigh an raon feidhme a shonrú chun comhaltaí den chomhlacht bainistíochta agus den fhoireann bhainistíochta shinsearach a chur as oifig agus foireann bhainistíochta nua a cheapadh ag brath ar theip na hinstitiúide agus ar aon ghníomhaíochtaí atá déanta cheana féin ag an institiúid nó ag na húdaráis mhaoirseachta i rith na céime téarnaimh.
111. Ba cheart go gcuirfeadh údaráis réitigh de cheangal ar na hinstitiúidí roghanna agus socrúithe a bheith i bhfeidhm acu chun príomhfhoireann na hinstitiúide (arna sainathint ag institiúidí) atá i mbun réitigh a chothabháil, lena n-áirítear más gá, chun cur i bhfeidhm na straitéis réitigh a éascú.
112. Ba cheart d'údaráis inniúla, i gcomhar leis na húdaráis réitigh, na critéir a shonrú a mbeifí ag súil go gcomhlíonfadh an fhoireann bhainistíochta nua iad, agus an fhaisnéis, treoir, údarú agus na doiciméid a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uathu.

Aistriú rialaithe chuig úinéirí agus bainisteoirí nua

113. Ba cheart d'údaráis réitigh sásra soiléir a fhorbairt chun (i) úinéireacht nua na hinstitiúide a bhunú mar thoradh ar an malartú tarrthála inmheánaí; agus (ii) aistriú chuig stát ina bhfeidhmíonn na húinéirí nua cearta rialachais agus rialaithe.
114. Ba cheart an sásra sin a nochtadh go poiblí ar bhonn ex ante (de réir mar is iomchuí) agus béim a leagan air i gcumarsáid tráth an réitigh.

4.5.4 Cumarsáid

115. Trí fhaisnéis ábhartha a chur in iúl go soiléir do chreidiúnaithe, rannpháirtithe margaidh agus phríomh-gheallsealbhóirí eile, ba cheart deimhneacht agus intuarthacht a chur chun cinn, rud a chuirfidh teorainn le héifeacht ghabhála agus a chothóidh muinín sa ghníomhaíocht réitigh.



Straitéis cumarsáide

116. Ba cheart d’institiúidí, i gcomhar leis na húdaráis réitigh, straitéis chuimsitheach cumarsáide creidiúnaithe agus mhargaidh a fhorbairt don tréimhse réitigh.
117. Ba cheart go mbeadh straitéis cumarsáide a bheith i bhfeidhm ag institiúidí ina n-áirítear, de réir mar is iomchuí, doiciméid teimpléid, ceistanna agus freagraí coitianta agus uirlisí eile atá le húsáid ag príomhchéimeanna na tréimhse réitigh.
118. Ba cheart d’institiúidí grúpaí ríthábhachtacha geallsealbhóirí seachtracha agus inmheánacha a shainaitheant, ar gá iad a chur ar an eolas i rith an phróisis réitigh, lena n-áirítear na grúpaí geallsealbhóirí a shonraítear in Airteagal 22(6) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1075 ón gCoimisiún chomh maith le soláthraithe ábhartha seirbhísí nó sócmhainní oibríochtúla. Ba cheart liosta de na geallsealbhóirí criticiúla seachtracha agus inmheánacha a sainaitheant a ullmhú agus a choinneáil cothrom le dáta, ionas go mbeidh sé réidh le roinnt leis an údarás réitigh.
119. Ba cheart d’institiúidí straitéis cumarsáide spriocdhírthe a dhréachtú le haghaidh na ngrúpaí geallsealbhóirí sainaitheanta lena dtuairtar cúrsaí rúndachta.
120. I gcás gach grúpa geallsealbhóirí sainaitheanta, ba cheart na príomhtheachtaireachtaí (agus leibhéal mionsonraithe na dteachtaireachtaí sin) a chur in iúl ar mhaithe le muinín a chothú san institiúid i rith réitigh. Ba cheart go mbeadh na príomhtheachtaireachtaí stuama, comhsheasmhach agus sothuigte agus go n-áireofaí ina measc, i measc nithe eile:
- a. ráiteas ginearálta bunaithe ar an leibhéal cumarsáide ar dócha a bheidh riachtanach de réir na ngníomhaíochtaí réitigh a d’fhéadfaí a dhéanamh; agus
 - b. faisnéis faoi iarmhairtí an réitigh ar an ngrúpa geallsealbhóirí faoi seach chun deimhneacht agus intuarthacht a chur chun cinn.
121. Ba cheart d’institiúidí cinneadh a dhéanamh maidir le cathain is gá cumarsáid a dhéanamh leis na geallsealbhóirí sainaitheanta agus straitéis agus nósanna imeachta a shainiú chun sceitheadh féideartha faisnéise a chosc.
122. Ba cheart d’institiúidí úinéir na cumarsáide a shainaitheant (aonad/feidhm atá freagrach as an teachtaireacht a shainiú) agus, murab ionann iad, an t-aonad/feidhm atá freagrach as an teachtaireacht a scaipeadh, mar aon le bealaí éifeachtacha cumarsáide agus an bonneagar a bheidh ag teastáil agus a úsáidfear chun an straitéis cumarsáide a chur i bhfeidhm agus teachtaireachtaí ábhartha a scaipeadh.
123. Ba cheart d’institiúidí aon chumarsáid le rannpháirtithe sa mhargadh a shainaitheant a d’fhéadfadh a bheith de cheangal orthu a dhéanamh faoi na córais náisiúnta is infheidhme maidir le nochtadh dlíthiúil.

Iarscríbhinn 1 – Amlíne réitigh

124. Is féidir céimeanna difriúla a shainaithint chun an straitéis réitigh a roghnaíodh a ullmhú agus a fhorfheidhmiú, agus is mar seo a leanas is mó a léirítear iad: (i) pleanáil réitigh (ag an údarás réitigh araon – forbairt an phlean agus agus measúnú inréiteachta) agus ag an institiúid (feabhsú inréiteachta); (ii) ullmhú le haghaidh réitigh; (iii) ‘deireadh seachtaine réitigh’; agus (iv) dúnadh an réitigh.
125. Is éard atá i gceist le pleanáil réitigh anailís ar struchtúir dhlíthiúla, airgeadais agus oibríochtúla na n-institiúidí, lena sainaithnítear feidhmeanna agus seirbhísí criticiúla, chomh maith le hanailís ar struchtúir chaipitil agus mhaoinithe na n-institiúidí, d’fhonn straitéisí réitigh atá indéanta agus inchreidte a dhearadh. Áirítear sa chleachtadh seo freisin measúnú ar a mhéad a ullmhaítear institiúidí chun straitéis réitigh tosaíochta a fhorfheidhmiú trí bhaic ar a n-inréiteacht a shainaithint agus, más gá, pleananna a dhearadh chun déileáil leis na baic sin.
126. I gcéim ullmhúcháin le haghaidh réitigh, ullmhaíonn na húdaráis réitigh ábhartha chun scéimeanna réitigh a ghlacadh, le cúnaimh ó luachálacha neamhspleácha lena gcuirtear in iúl dóibh cé acu atá nó nach bhfuil na coinníollacha maidir le réiteach agus cur i bhfeidhm na tarrthála inmheánaí á gcomhlíonadh, agus cad iad na huirlisí réitigh ar cheart a chur chun feidhme ar deireadh. Tá sé ríthábhachtach go mbeidh córais faisnéise bainistíochta (MIS) na n-institiúidí in ann faisnéis chruinn agus thráthúil a sholáthar ionas go ndéanfar na luachálacha sin a chur i gcrích go hiontaofa agus go stuama.
127. Is é an ‘deireadh seachtaine réitigh’ an chéim (is fearr an chéim seo a reáchtáil nuair a bhíonn na margaí dúnta, mar is léir ón ainm) a thosaíonn le breithniúchán go bhfuil ag teip ar eintiteas nó gur dócha go dteipfidh ar eintiteas agus cuimsítear ann na próisis inmheánacha ar fad a theastaíonn ionas gur féidir leis an údarás inniúil ábhartha glacadh leis an scéim réitigh. I gcás ina gcuirtear tarrtháil inmheánach bhanc oscailte i bhfeidhm mar uirlis réitigh, beidh mí amháin ag institiúidí ó chur i bhfeidhm na huirlise tarrthála inmheánaí chun plean atheagrúcháin gnó a ullmhú a bheidh le ceadú ag an údarás réitigh. D’fhonn an straitéis réitigh agus an plean atheagrúcháin gnó a ghabhann léi a chur chun feidhme go héifeachtúil agus go héifeachtach, ní mór do na hinstitiúidí a bheith ag súil, a mhéid is féidir leis an méid a d’fhéadfadh tarlú, agus socruithe leordhóthanacha rialachais, pleananna cumarsáide agus MIS a bheith i bhfeidhm acu.
128. Tar éis gníomhaíochtaí réitigh a fhorfheidhmiú, ba cheart do na húdaráis réitigh a mheas an gcaithfí níos fearr le scairshealbhóirí agus le creidiúnaithe dá rachadh na hinstitiúidí i mbun gnáthimeachtaí dócmhainneachta ina ionad sin. Beidh luacháil neamhspleách eile mar bhonn leis an measúnú seo, rud a chuirfidh ar chumas an údaráis réitigh cinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil scairshealbhóirí agus creidiúnaithe dá ndéantar difear i dteideal aon chúiteamh a fháil.



Iarscríbhinn 2 – Teimpléad measúnaithe ar inréiteacht (féach an doiciméad ar leithligh)

Iarscríbhinn 3: Liosta de na réimsí íosta atá le cur sa taisclann conarthaí

Réimsí riachtanacha

- 1) Aitheantóir [féach Teimpléad CIR Z 8.00, 0005]
- 2) Dáta tosaigh an chonartha
- 3) Dáta deiridh an chonartha
- 4) An chéad dáta athnuachana eile
- 5) Páirtithe sa chonradh agus sonraí teagmhála (ainm, seoladh cláraithe, tír chlárucháin, LEI nó uimhir chlárucháin chorparáideach, máthairchuideachta más infheidhme) [féach Teimpléad CIR Z 8.00, 0020-0050]
- 6) Fochonraitheoir (T/N)
- 7) Cuid den ghrúpa [féach Teimpléad CIR Z 8.00, 0060] (bíodh an tseirbhís ar fáil ó thaobh istigh nó ó lasmuigh den ghrúpa – T/N)
- 8) Cuid den ghrúpa réitigh (bíodh an tseirbhís á soláthar laistigh nó lasmuigh den ghrúpa réitigh – T/N)
- 9) Roinn grúpa atá freagrach as déileáil leis na príomhoibríochtaí a chumhdaítear faoin gconradh (ainm agus aitheantóir uathúil)
- 10) Tuairisc ghairid ar an tseirbhís
- 11) Tá an struchtúr praghsála intuatha, trédhearcach agus socraithe ar bhonn neamhthuilleamaí (T/N) Costas iomlán an bhuiséid bhliantúil (measta) le haghaidh na seirbhíse nó an phraghais i gcás inarb iomchuí
- 12) An leibhéal criticiúlachta (ard, meánach, le measúnú)
- 13) Feidhm chriticiúil lena bhfuil an tseirbhís ábhartha [féach Teimpléad CIR Z 8.00, 0070-0080]
- 14) Croílínte gnó lena mbaineann ábharthacht don tseirbhís



- 15) Grúpa/grúpaí réitigh a bhfuil an tseirbhís ábhartha dóibh (ainm an ghrúpa réitigh)
 - 16) Ainm an tsoláthraí seirbhíse malartaí
 - 17) Dlíse/dlínsí an chonartha nó an phróisis díospóide, lena n-áirítear nósanna imeachta réitithe comhaontaithe, idirghabháil, agus eadráin nó réiteach díospóidí inmheánach
 - 18) An dlí rialaithe [féach CIR **2018/1624** Teimpléad Z 8.00, 0110]
 - 19) An tír/na tíortha ina soláthraítear na seirbhísí (murab ionann iad agus tír chlárúcháin an tsoláthraí)
 - 20) Conradh atá seasmhach maidir le réiteach (de réir na ngnéithe athléimneacha réitigh) (T/N/Páirteach³³)
 - 21) Pionóis a bhaineann le fionraí, sárú conartha nó foirceannadh, moill ar íocaíochtaí
 - 22) Cúis(eanna) le haghaidh luathfhoirceannta
 - 23) Tréimhse fógra foirceanta don soláthraí
 - 24) Tréimhse ama an chúnamh iarfhoirceannta (míonna)
- Réimsí breise
- 1) Gaolmhaireacht idir conarthaí (e.g. crostagairt idir SLAnna agus máistirchonarthaí)
 - 2) Coinníollacha íocaíochta (e.g. réamhíocaíocht/iaríocaíocht)
 - 3) Clásail athnuachana uathoibríocha (T/N)
 - 4) Spriocanna feidhmíochta cainníochtúla don soláthraí (e.g. 10 gceadúnas le haghaidh XYZ)
 - 5) Spriocanna feidhmíochta cáilíochtúla
 - 6) Tá cead foirceannta ag an bpáirtí/na páirtithe
 - 7) An t-am a mheastar a bheidh luaite le hinionadaitheacht [féach CIR **2018/1624** Teimpléad Z 8.00, 0090]